

Tionscadail Foclóireachta Fhoras na Gaeilge – Tacaíocht Theicniúil 2021

Is mian le Foras na Gaeilge painéal de dhaoine cáilithe a chur ar bun chun tabhairt faoi thascanna teicniúla san fhoclóireacht. Tá daoine ag teastáil ag dhá leibhéal faoi leith ar an bpainéal:

- Innealtóir(i) Bogearraí Sinsearach(a);
- Innealtóir(i) Bogearraí Sóisearach(a).

Is obair ar bhonn páirtaimseartha a bheidh i gceist, ar bhonn pacáistí oibre ar conradh a mbeidh tréimhsí gearra ag gabháil leo. Is ó mhí Feabhra 2021 go dtí mí Feabhra 2024 an tréimhse atá ag gabháil leis an bpainéal.

Táirgí & bunachair shonraí

Bainfidh na tascanna teicniúla leis na táirgí agus na bunachair shonraí seo a leanas:

- Tionscadail foclóireachta Fhoras na Gaeilge, ar a n-áirítear an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge agus tionscadail eile;
- Na foclóirí, comhaid ghramadaí agus comhaid fuaime atá ar fáil faoi láthair ar an suíomh teanglann.ie;
- Aipeanna;
- Na corpais éagsúla atá á riar ag Foras na Gaeilge.

Tascanna Oibre

Is iad seo a leanas na príomhthascanna a bheidh i gceist:

An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge (FNBG) agus tionscadail foclóireachta eile

1. Anailís a dhéanamh ar chomhdhéanamh na mbunachar sonraí uile a bhaineann leis na foclóirí, liostaí agus tuairiscí inneachair a chruthú agus a sholáthar;
2. Leasuithe ar an DTD agus ar na bileoga stíle;
3. Leasuithe ar an téacs tánaisteach ar shuíomh www.foclóir.ie.

Foclóirí digiteacha eile (www.teanglann.ie)

1. Rialú cáilíochta ar na leaganacha digiteacha reatha de *Foclóir Gaeilge-Béarla, English-Irish Dictionary* agus *An Foclóir Beag*; ceartúcháin ar an ábhar agus forbairtí ar na feidhmeanna;
2. Foclóirí digiteacha eile a chur ar fáil don phobal;
3. Leasuithe ar an téacs tánaisteach ar shuíomh www.teanglann.ie.

An Bunachar d'Fhocail na Gaeilge Comhaimseartha (www.focal.ie)

1. Ábhar an bhunachair a bhreisiú, a chothabháil agus a chóiriú;
2. Leasuithe ar an téacs tánaisteach ar shuíomh www.focal.ie.

Comhaid ghramadaí, áiseanna gramadaí & comhaid fuaime

1. Eolas gramadaí a iompórtáil ó fhoinsí seachtracha go dtí bunachar gramadaí Fhoras na Gaeilge;
2. Rialú cáilíochta a dhéanamh ar chomhaid ghramadaí iompórtáilte;
3. Ríomhchlár agus comhéadan gramadaí An Draoi Gramadaí a chothabháil agus a fhorbairt;
4. Comhéadan a fhorbairt maidir le comhaid ghramadaí nua a chruthú;
5. Na comhaid ghramadaí a chur ar fáil don phobal mar chomhaid iníoslódáilte;
6. Comhaid fuaime a iompórtáil ó sholáthróirí agus a easpórtáil go dtí bunachair shonraí éagsúla.

Corpais

1. Anailís a dhéanamh ar ábhar na gcorpais atá i seilbh Fhoras na Gaeilge;
2. Liostaí agus tacair sonraí eile a scagadh as na corpais de réir mar is gá.

Tascanna eile

1. Tacaíocht theicniúil a chur ar fáil d'fhoireann foclóireachta Fhoras na Gaeilge;
2. Tascanna a bhaineann le haipeanna focloir.ie agus teanglann.ie;
3. Taighde agus tascanna foclóireachta eile de réir mar is gá.

Critéir riachtanacha

- Chun cáiliú do ról mar Innealtóir Bogearraí Sinsearach, ní mór **gach ceann** de na critéir riachtanacha thíos a chomhlíonadh;
 - Chun cáiliú do ról mar Innealtóir Bogearraí Sóisearach ní mór roinnt de na critéir riachtanacha thíos a chomhlíonadh nó na critéir a chomhlíonadh go páirteach. Ní gá na critéir uile a chomhlíonadh don ról sin.
1. Taithí 5 bliana ar a laghad ar bheith ag scríobh bogearraí agus ag láimhseáil bunachair sonraí leis na teangacha agus na feidhmchláir seo a leanas: *HTML, CSS, JavaScript, C#, ASP.NET, Microsoft Windows Server, Microsoft SQL Server, XML, XSL, DTD*;
 2. Taithí 5 bliana ar a laghad ar shuíomhanna gréasáin a dhearadh agus a chur ag feidhmiú;
 3. Cáilíocht tríú leibhéal sa ríomhtheangeolaíocht;
 4. Ardliófacht sa Ghaeilge;
 5. Ardchruinneas scríofa sa Ghaeilge;
 6. Ardtuiscint ar ghramadach na Gaeilge, an chomhréir agus an mhoirfeolaíocht san áireamh;
 7. Taithí 5 bliana ar a laghad ag obair i réimse na foclóireachta agus/nó réimse na téarmaíochta;
 8. Eolas ar struchtúr bunachair sonraí foclóireachta agus/nó téarmaíochta agus taithe ar a leithéid a riar;
 9. Taithí ar úsáid agus ar chomhdhéanamh corpais teanga;
 10. Taithí ar úsáid an fheidhmchláir Excel agus ardinniúlacht ar na feidhmeanna atá ann.

Critéir inmhianaithe

1. Taithí ar theangacha ríomhchlárúcháin eile, m.sh. *Java, Perl* srl;
2. Taithí ar úsáid an fheidhmchláir scríofa foclóra *DPS (Dictionary Production System)*, ar úsáid na huirlise *Entry Editor*; agus ar úsáid na huirlise *SKXML*.
3. Taithí ar fhorbairt aipeanna.

Táillí agus Socruithe Oibre

Is ar bhonn pacáistí oibre a íocfar baill an phainéil, agus beidh an íocaíocht in aghaidh an phacáiste bunaithe ar an ráta cuí in aghaidh cion lae socraithe d'obair. Beidh an táille le socrú idir na hiarrthóirí rathúla agus Foras na Gaeilge, bunaithe ar thaithí agus scileanna an iarrthóra. Beidh táille laethúil sa raon €80-€150 i gceist do thascanna an Innealtóra Bogearraí Shóisearaigh, agus táille laethúil sa raon €150-€250 do thascanna an Innealtóra Bogearraí Shinsearaigh.

Den chuid i mó, is féidir an obair a chur i gcrích ó chian, ach iarrfar ar bhaill an phainéil na tascanna oibre a chur i gcrích in oifigí Fhoras na Gaeilge in amanna, nó teacht go dtí oifigí Fhoras na Gaeilge i gcomhair cruinnithe nó ceardlann. Ní iarrfar ar dhuine ar bith taisteal go dtí oifigí Fhoras na Gaeilge más sárú é sin ar chomhairle sláinte phoiblí.

Ní féidir a dhearbhu go ndáilfear obair ar gach duine a bhainfidh áit amach ar an bpainéal.

An Fhoirm Iarratais

Más spéis leat bheith ar an bpainéal seo, ní mór duit iarratas a sheoladh chugainn. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar www.foclóir.ie nó ar www.teanglann.ie.

Is le hiarratais leictreonacha i bhfoirm Word (.docx/.doc) amháin a ghlacfar; ní gá iad a shíniú (glacfar leis mar shíniú nuair a chuireann tú d’ainm agus an dáta sa bhosca “Deimhniú”).

Is gá iarratais a sheoladh chuig focloir@forasnagaeilge.ie, agus “Tacaíocht theicniúil 2021” mar ábhar. Beidh sé de dhíscréid ag Foras na Gaeilge iarrthóirí a chur faoi scrúdú agus/nó faoi agallamh.

Ní mór do na hiarratais a bheith faighte faoi **5.00 p.m. Dé Céadaoin 24 Feabhra 2021.**

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus fáiltímid roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. Is ar bhonn fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.

Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above panel.